

**Bunscoileanna – teagasc agus foghlaim****RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN/COMHOIBRÍOCH MÚINTEOIRÍ**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH	RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH
<p>Bíonn meas ag múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil, agus bíonn siad rannpháirteach iontu sin</p>	<p>Bíonn múinteoirí ag gabháil don forbairt ghairmiúil agus oibríonn siad lena gcomhghleacaithe chun cabhrú leo teicneolaíochtaí digiteacha a roghnú agus a ailíniú le straitéisí éifeachtacha teagasc chun deiseanna foghlama a leathnú le haghaidh na ndaltaí ar fad.</p> <p>Déanann múinteoirí measúnú, plé agus machnamh lena gcomhghleacaithe ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha le bheith nuálach sa chleachtas oideachais agus le feabhas a chur air.</p>	<p>Bíonn múinteoirí ag gabháil don forbairt ghairmiúil, agus tugann siad treoir agus tacaíocht do chomhghleacaithe maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a roghnú agus a ailíniú le straitéisí éifeachtacha teagasc chun deiseanna foghlama a leathnú le haghaidh na ndaltaí ar fad.</p> <p>Cuireann múinteoirí athruithe i bhfeidhm go comhoibríoch ar leibhéal scoile uile le bheith nuálach sa chleachtas oideachais agus le feabhas a chur air trí raon teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim.</p>
<p>Bíonn múinteoirí ag obair le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus thairis sin</p>	<p>Bíonn múinteoirí páirteach i bpobail ghairmiúla ar líne chun cabhrú leo deiseanna foghlama a dhearadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus thairis sin.</p> <p>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha agus le pearsanra seachtrach d'fhonn eispéiris foghlama bhríocha a éascú do na daltaí.</p>	<p>Glacann múinteoirí páirt i bpobail ghairmiúla ar líne chun cabhrú leo deiseanna foghlama a dhearadh, a mheasúnú agus a mhionathrú ar bhonn leanúnach do dhaltaí ar fud an churaclaim agus thairis sin.</p> <p>Úsáideann múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha agus le pearsanra seachtrach d'fhonn eispéiris foghlama bhríocha idirdhisciplíneacha a éascú do na daltaí.</p>
<p>Déanann múinteoirí cleachtais chomhsheasmhacha iontaofa don mheasúnú múnlaiteach agus don mheasúnú suimitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile</p>	<p>Forbraíonn múinteoirí úsáid eiticiúil teicneolaíochtaí digiteacha chun sonraí ábhartha ar fhoghlaim na ndaltaí a bhailiú, a chomhroinnt agus a léirmhíniú le comhghleacaithe, agus cuireann siad an úsáid eiticiúil sin i bhfeidhm.</p> <p>Baineann múinteoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun réimse de chleachtais dhílse chuí a dhearadh don mheasúnú múnlaiteach agus don mheasúnú suimitheach.</p>	<p>Forbraíonn múinteoirí úsáid eiticiúil teicneolaíochtaí digiteacha i dteannta a chéile chun sonraí ábhartha ar fhoghlaim na ndaltaí a bhailiú, a chomhroinnt agus a léirmhíniú, agus cuireann siad an úsáid eiticiúil sin i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an mbainistiú sonraí agus chun eolas a chur ar fáil do chleachtais an mheasúnaithe mhúnlaithigh agus shuimithigh sa scoil uile.</p> <p>Baineann múinteoirí, i dteannta a chéile, úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun réimse de chleachtais dhílse chuí a dhearadh don mheasúnú múnlaiteach agus don mheasúnú suimitheach a chuirtear i bhfeidhm ar leibhéal scoile uile.</p>
<p>Cuireann múinteoirí le hinniúlacht na foirne uile trína gcuid saineolais a chomhroinnt</p>	<p>Bíonn múinteoirí ag obair as lámha a chéile le cinneadh conas is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go héifeachtach don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.</p>	<p>Tugann múinteoirí treoir agus tacaíocht do chomhghleacaithe laistigh den scoil chun físcóiteann a fhorbairt ar conas is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha feabhas a chur ar dheiseanna foghlama do gach dalta.</p>